Gael-Choláiste Chill Dara

Ar thuras léinn is feasa

Bileog Eolais

Eagrán 1

8 Meán Fómhair 2017

Fáilte ar ais

Comhghairdeachas le Liz as pósadh i rith an tsamhraidh agus le Katríona as breith a hiníne.

Cuirimid fáilte speisialta roimh na múinteoirí nua: Brian, Cathal, Siobhán Jacob, Daithí, Darryl agus Áine agus Caoimhe a bheidh ag clúdach ranganna.

Fearaimid fáilte chroíúil roimh 75 dalta nua sa chéad bhliain, Kerrie chuig an tríú bliain, James go dtí an Idirbhliain agus Shannon chuig an gcúigiú bliain. Tá muid ag súil go mór leis an mbliain atá romhainn.

Torthaí an Teastais Shóisearaigh

Beidh na torthaí ar fáil ón scoil ag 14:00 ar an gCéadaoin 13 Meán Fómhair. Rachaidh daltaí na hIdirbhliana ar thaithí oibre mar ba ghnáth ar maidin agus iarraimid go mbailíonn siad na torthaí lena dtuismitheoirí / gcaomhnóirí. Is gnáthlá scoile é an Déardaoin dóibh.

Ógras

Tosóidh an grúpa Ógras arís an tseachtain seo chugainn. Beidh fáilte roimh chách.

Oíche Ionduchtuithe do Thuismitheoirí / Chaomhnóirí agus daltaí na chéad bhliana

Beidh cruinniú speisialta i nGael-Choláiste Chill Dara do dhaltaí sa chéad bhliain, a dtuistí / a gcaomhnóirí agus foireann na scoile ar an Déardaoin 14 Meán Fómhair ag 7:00 i.n. Tá sé seo mar chuid de Phlean Ionduchtú na Scoile agus tá sé mar aidhm againn cabhrú lenár ndaltaí nua agus leis na tuismitheoirí socrú síos tar éis bogadh ó bhunscoil go meánscoil. Cabhróidh an oíche seo leis an scoil ó thaobh pleanála de don bhliain atá romhainn. Chomh maith le polasaithe, rialacha agus nósanna imeachta na scoile a shoiléiriú beidh seisiún C&F agus seans ag tuismitheoirí bualadh leis na múinteoirí. Molaimid do thuismitheoirí agus do dhaltaí a bheith linn agus tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh agus tairbhe as an gcruinniú.

Comhairle na dTuismitheoirí

Beidh cruinniú ginearálta bliantúil de Chomhairle na dTuismitheoirí ar siúl Dé Luain 11 Meán Fómhair ag 19:00. Cuirfear fáilte roimh chách.

Cigireacht ghruaige

Ba chóir do dhaltaí dianchíoradh a dhéanamh ar a g(h)ruaig uair sa tseachtain agus an leigheas cuí do mhíoltóga gruaige a fháil más gá.

Gaeilge na Séú Bliana

Rachaidh daltaí na séú bliana ar thuras go dtí an Axis i mBaile Munna ar an Máirt 17 Deireadh Fómhair. Fágfaidh an bus ag a 11:00 agus beidh sé ar ais ag a 15:00. Tá costas €22.50 le híoc ar líne roimh dheireadh na míosa. Ní mór do gach dalta dul toisc gur cheist cinnte í ar pháipéar na hardteiste.

Séú Bliain Tíreolaíocht

Rachaidh rang tíreolaíochta na séú bliana ar thuras go Cip Iúir ar an Aoine 27 Deireadh Fómhair. Fágfaidh an bus an scoil ag a 9:00 agus beidh sé ar ais ag a 16:00. Ciallaíonn sé seo go mbeidh orthu síob a eagrú. Is fiú 20% don scrúdú é. Beidh said ag déanamh trialacha ar thírghné chreimeadh na habhann. Tá costas €35 le híoc ar líne roimh dheireadh na míosa. Ní mór do gach dalta dul.

Rang 2017

Comhghairdeas leis na daltaí as na torthaí iontacha a ghnóthaigh siad. Guímid gach rath orthu agus iad ag leanúint ar a dturas léinn is feasa.

Club Drámaíochta

Beidh Club Drámaíochta ag tosú sa scoil ar an gCéadaoin ó 4-5i.n. Tá traidisiún láidir drámaíochta sa scoil seo agus go leor duaiseanna buaite againn thar na blianta. Beidh na ranganna drámaíochta saor in aisce ar fáil le Brian agus Conor.

Dátaí Tábhachtacha

11 Meán Fómhair: Idirbhliain ag TY Expo i mBaile Phuinse.

11 Meán Fómhair: Comhairle na dTuismitheoirí ag 19:00.

12 Meán Fómhair: Idirbhliain ag babhláil.

13 Meán Fómhair: Torthaí an Teastais Shóisearaigh.

14 Meán Fómhair: Oíche Ionduchtaithe don chéad bhliain.

5 Deireadh Fómhair: Oíche oscailte do rang 5 agus 6.

Tá gach eolas reatha ar fáil ar www.gccd.ie

Seanfhocal na Seachtaine: "An té nach bhfuil láidir ní foláir dó a bheith glic"

Gael-Choláiste Chill Dara

Ar thuras léinn is feasa

Bileog Eolais

Eagrán 1

8 Meán Fómhair 2017

Welcome Back

Congratulations to Liz who got married during the summer and to Katríona on the birth of her daughter.

We give a special welcome to all our new teachers: Brian, Cathal, Siobhán Jacob, Daithí, Darryl and Áine and Caoimhe who will be covering classes.

We also welcome 75 new students into first year, Kerrie into third year, James into Transition Year and Shannon into fifth year. We are greatly looking forward to the year ahead of us.

Junior Certificate Results

The Junior Certificate results will be available in the school from 14:00 on Wednesday 13th September. TY students will go on work experience as normal and we ask that they collect the results with their parents / guardians afterwards. Thursday is a normal school day.

Ógras

The Ógras group will start back again next week. All students are welcome to participate.

Induction Evening for Parents / Guardians and First Year Students

A special meeting will take place in Gael-Choláiste Chill Dara for first year students, parents/guardians and staff on Thursday night 14th September at 19:00. This is part of the school's Induction Plan and it is intended to help our new students and their parents to adjust to the change from primary to secondary school. It will also assist the school in planning for the forthcoming year. As well as clarifying the school's policies, rules and procedures, there will be a Q&A session and a chance to meet your child's teachers. We recommend that both students and parents attend and we hope that it will be a rewarding and enlightening evening for all.

Comhairle na dTuismitheoirí

The annual general meeting of Comhairle na dTuismitheoirí will take place on Monday 11th September at 19:00. All parents and guardians are welcome to attend.

Hair Inspection

All students should thoroughly comb their hair once a week and get the appropriate medicine for head lice if required.

Sixth Year Irish

Sixth year students will go on a trip to the Axis in Ballymun on Tuesday the 17th October. The bus will leave at 11:00 and will return at 15:00. A cost of €22.50 must be paid online before the end of the month. Every student should attend as this question is sure to be on the leaving certificate paper.

Sixth Year Geography

The sixth year Geography class will go on a trip to Kippure on Friday the 27th October. The bus will leave the school at 9:00 and will return at 16:00. This means they will need to organise a lift home. The trip is worth 20% of the exam. They will perform tests on the erosion of landscape by the river. The cost of €35 must be paid online before the end of the month. All students should attend.

Class of 2017

Congratulations to the class of 2017 on their excellent results. We wish them every success as they continue their journey of knowledge and wisdom.

Drama Club

The School Drama Club will begin on Wednesday from 4-5pm. The school has a strong tradition in drama and we have won many prizes over the years. The drama classes will be free of charge with Brian and Conor.

Important Dates

11 September: Transition Year at the TY Expo in Punchestown.

11 September: Comhairle na dTuismitheoirí AGM at 19:00.

12 September: Transition Years going bowling.

13 September: Junior Certificate Results Day.

14 September: Induction Night for First Years.

5 October: Open evening for 5th and 6th class.

All up-to-date information available on www.gccd.ie

Seanfhocal na Seachtaine: "Whoever is not strong must be clever"